



An Roinn Oideachais
Department of Education

Pacáiste Comhpháirtithe

Comhairliúchán don Oideachas
lán-Ghaeilge lasmuigh den
Ghaeltacht

An Roinn Oideachais
Deireadh Fómhair 2022



A chomhpháirtithe, a chairde,

Tá comhairliúchán seolta ag an Roinn Oideachais chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá forbairt an pholasaí seo á threorú ag taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ag torthaí comhairliúcháin phoiblí. Ina theannta sin, foilsíodh tuarascáil maidir le soláthar reatha oideachais lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht mar phointe tagartha tábhachtach chun bonn eolais a chur faoin gcomhairliúchán agus faoin bpróiseas forbartha polasaí.

Iarraimid ort an t-eolas faoin gcomhairliúchán poiblí agus an nasc chuig an gceistneoir ar líne a roinnt i measc do bhall nó do líonra.

Tá sé ríthábhachtach go sroichfidh an comhairliúchán poiblí seo líon mór daoine, ionas gur féidir réimse leathan tuairimí agus taitní daoine éagsúla a chur san áireamh. Tá cineálacha éagsúla ábhair sa ‘Phacáiste Comhpháirtithe’ seo ar féidir leat iad a úsáid chun cabhrú linn an teachtaireacht a scaipeadh. Ina measc tá postálacha do na meáin shóisialta, físeáin ghearra faisnéise agus ábhar le haghaidh cumarsáide scríofa le do pháirtithe leasmhara.

Go raibh maith agat arís as do thacaíocht leanúnach. Má tá ceist ar bith agat, nó más mian leat tuilleadh ionchuir a bheith agat sa chomhairliúchán poiblí, tá fáilte romhat freisin aighneacht scríofa a sheoladh chuig POLG@education.gov.ie faoin 16 Eanáir 2023.

An Roinn Oideachais
Deireadh Fómhair 2022




Sa phacáiste seo, gheobhaidh tú:

1. Sonraí maidir le conas teacht ar an gcomhairliúchán
2. Naisc chuig míreanna dos na meáin shóisialta le daoine a threorú chuig an gcomhairliúchán
3. Físeán le níos mó sonraí faoin gcomhairliúchán
4. Fógra samplach do nuachtlitreacha/chláir fógraí



1. gov.ie/POLG

 Ranna Chomhairliúcháin Foilseach

Comhairliúchán

Próiseas comhairliúcháin chun polasaí a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

1. Cuspóir an Phróisis Chomhairliúcháin Phoiblí	5. Athbhreithniú ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta
2. Comhairliúchán - Tréimhse 1	6. Cur síos ar phróiseas an chomhairliúcháin
3. Príomhchuspóirí an pholasaí nua	7. Sonraí teagmhála
4. Tuarascáil ar sholáthar don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	

Cuspóir an Phróisis Chomhairliúcháin Phoiblí

Tá an Roinn Oideachais tar éis tús a chur le próiseas comhairliúcháin phoiblí, ag lorg tuairimí ó pháirtithe leasmhara, chun eolas a sholáthar d'fhonn polasaí nua a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Tugtar cuireadh do bhail an phobail agus do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine óga, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí/oideoirí luathbhlianta, ceannairí scoile, baill bhoird bhainistíochta scoileanna, eagraíochtaí bainistíochta scoileanna, páirtithe leasmhara oideachais agus páirtithe leasmhara na Gaeilge, a n-ionchur a bheith acu ar an topaic thábhachtach seo.

Beidh na léargais agus an t-eolas ar phríomhcheisteanna a bhailítear le linn an phróisis seo mar fhoinsé luachmhar chun treoir a thabhairt agus an polasaí á fhorbairt.

Iarrann an roinn ar ghrúpaí ionadaíocha agus ar bhrathchomhlachtaí an t-eolas i dtaobh an chomhairliúcháin a roinnt lena mbaill ionas gur féidir an méid tuairimí agus is féidir a bhailiú.

Comhairliúchán - Tréimhse 1

Ar gov.ie/POLG, gheobhaidh tú an leathanach gréasáin don chomhairliúchán. Léirítear ann sprioc an chomhairliúcháin, príomhchuspóirí an pholasaí nua, agus nasc chuig an gceistneoir ar líne.



2. Postáil shóisialta

Public consultation to inform the development of a
Policy on Irish-medium Education outside of the Gaeltacht

Please share your views at gov.ie/POLG

NOW OPEN

An Roinn Oideachais
Department of Education

Iarraimid ort ábhar maidir leis an gcomhairliúchán a roinnt ar na meáin shóisialta chun rannpháirtíocht a spreagadh ionas gur féidir réimse leathan tuairimí agus taithí daoine éagsúla a chur san áireamh.

Comhairliúchán poiblí ar mhaithe le
Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht
a fhorbairt

Cuir do chuid tuairimí in iúl ar gov.ie/POLG

AR OSCAILT

An Roinn Oideachais
Department of Education

Is féidir teacht ar na postálacha [anseo](http://gov.ie/POLG).

3. Físeán sóisialta

Tá [físeán gearr](#) cruthaithe a mhíníonn an comhairliúchán agus is féidir é a roinnt chun rannpháirtíocht a spreagadh.

Tá an Roinn Oideachais ag tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí ar mhaithe le polasaí nua a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.



4. Nuachtlitreacha

Tá fáilte romhat an fógra thíos faoin gcomhairliúchán poiblí a roinnt i nuachtlitir d'eagraíochta nó ar do chlár fógraí.

The Department of Education is conducting a consultation process to inform the development of a new policy for Irish-medium education outside of the Gaeltacht.

You are invited to have your say on issues such as:

- How we can increase opportunities for children and young people to access Irish-medium education?
- How we can increase the supply of teachers and other staff with a high standard of Irish?
- What additional supports would be useful for the Irish-medium sector?

To have your say or to find out more, go to gov.ie/POLG

Tá an Roinn Oideachais ag tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí ar mhaithe le polasaí nua a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Gaeltacht.

Tugtar cuireadh duit do chuid tuairimí a chur in iúl ar cheisteanna ar nós:

- Conas is féidir an líon leanaí agus daoine óga atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge a mhéadú?
- Conas is féidir an soláthar múinteoirí agus baill foirne eile, a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu, a mhéadú?
- Cén tacaíochtaí breise a bheadh úsáideach don earnáil lán-Ghaeilge?

Chun do thuairimí a chur in iúl, nó chun tuilleadh eolais a fháil, téigh go gov.ie/POLG